



Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 4-9-2023

Fís, Forbairt agus Misean na scoile | *School Mission, Vision and Development*

Agus tús á chur againn le scoilbhliain nua, tá sé tábhachtach go dtuigimid ar fad fís na scoile;

“Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach”.

Deir Ráiteas Misin na scoile;

Is Gaelscoil faoi phátrúnacht na hArdDeoise í Scoil Oilibhéir. Cuirimid sároideachas ar fáil do pháistí, trí mheán na Gaeilge, i dtimpeallacht thacúil, a thugann deis do gach páiste barr a gcumas a bhaint amach. Mar chuid den oideachas sin, déantar cúram d’fhorbairt acadúil, chultúrtha, mhóralta, fhisiciúil, sibhialta, spioradálta, mothúchánach agus shóisialta na bpáistí.

‘Sí sainobair Scoil Oilibhéir ná;

1. Tumoideachas trí mheán na Gaeilge
2. Taobh láidir maidir le cultúr Gaelach
3. Clár láidir seach-churaclaim
4. Atmaisféar ar leith teaghlaigh
5. Rannpháirtíocht na dTuistí

Tiomantas do na torthaí;

- gach páiste tar éis barr a gcumas féin a bhaint amach
– go hacadúil, go forbartha, go mothúchánach, go spioradálta, go fhisiciúil, go sibhialta

Scoil Oilibhéir’s core work is;

Immersion based teaching through the medium of Irish

Strong Irish cultural dimension to school life.

Strong extra-curricular programme.

Distinctive family atmosphere.

Parental participation in life of the school.

Commitment to outcomes:

- *Each child to have maximised their individual potential*
– *academically, developmentally, emotionally, spiritually, physically, civically*

As a new school year starts, it’s important we all understand the school’s vision;

“Nurture and enrich each child, through the medium of Irish, to achieve their potential”

Our Mission Statement states that;

Scoil Oilibhéir is a Gaelscoil under the patronage of the Arch-Diocese. We provide an excellent education to children, through the medium of Irish, in an enriching environment, giving each child the opportunity to achieve their full potential. As part of this education, we nurture the academic, cultural, moral, physical, civic, spiritual, mental / emotional well-being and social development of the children.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Fáilte romhaibh go léir | Welcome to you all

Fearaim fáilte is fiche arís roimh gach éinne, idir dhaltáí, bhaill foirne agus thuismitheoirí/chaomhnóirí. Cuirim fáilte speisialta roimh na teaghlaigh a roghnaigh Scoil Oilibhéir chun tús a chur lena n-aistear san oideachas, táim ag súil go mór le bheith in ann aithne chearta a chur oraibh go léir sna seachtainí seo romhainn. Bhí brón orainn go léir le cúpla lá anuas le cailliúint Áine na hOifige ach tá buíochas agus sonas ag meascadh leis an mbrón sin anois agus sinn ag smaoineamh ar na scéalta greannmhara agus ar na rudaí cineálta ar fad a rinne sí. Suaimhneas síoraí dá hanam.

Is scoil ar leith í Scoil Oilibhéir agus tá tú mar chuid de phobal ar leith anois. Táimid ag súil le bliain scoile eile den scoth a chruthú. Chun é sin a dhéanamh, is gá aire a thabhairt do roinnt bheag tís! Cuirfear leaganacha leictreonacha den pholasáí thíos chugaibh sna seachtainí romhainn chomh maith le polasaithe eile amach anseo agus beidh Foirm Cheada Dhigiteacha le líonadh le léiriú go bhfaca tú, gur thuig tú agus gur ghlac tú leis na polasaithe seo. Cé go bhfuil cuma beagáinín diúltach ar an teideal, tá An Nós Imeachta maidir le Gearán a Dhéanamh le fáil thíos ag bun na nuachtlitreach seo. Is cáipéis aontaithe ag leibhéal náisiúnta í seo agus cuimsíonn sé níos mó ná gearáin amháin. Baineann sé le haon ábhar inní a bheadh ag tuismitheoir/caomhnóir agus míníonn sé an bealach is fearr le cumarsáid a dhéanamh leis an scoil agus leis an múinteoir ranga faoi do pháiste. Tá cúpla meabhrú eile freisin, féach thíos;

I extend again a warm welcome to everybody, pupils, staff and parents/guardians. I give a special welcome to the new families who chose Scoil Oilibhéir to begin their journey in education, I am really looking forward to getting to know you all over the next few weeks. We were very saddened over the last few days with Áine's loss but that sadness is tempered now with gratitude and happiness as we remember the funny stories and the and all the kind things she did. May her soul have eternal rest.

Scoil Oilibhéir is a unique school and you are now part of a unique community. We are looking forward to creating another brilliant school year. To do that however, a little bit of housekeeping is required! Electronic versions of the policy below, amongst others, will be sent to you over the coming weeks and a Digital Permission Form will need to be completed to show that you have read, understood and accepted these policies. Although the title has a slightly negative appearance, the complaints procedure is also available at the bottom of this newsletter. This is a nationally agreed document and covers much more than making complaints! It concerns any concerns a parent/guardian might have explains the best means of communicating with the school and the class teacher about your child. There a few reminders also, see below;

- Foirm Cheada Dhigiteach don Pholasáí Úsáide Inghlactha na Ríomhairí le síniú ag gach páiste agus ag a dtuismitheoir/a gcaomhnóir.
Digital Permission Slip for the Acceptable User Policy for Computers to be signed by every child and their parent/guardian.
- Eolas Teagmhála le huasdátú ar Aladdin má tá athrú air ó Mhí an Mheithimh.
Contact Information to be updated on Aladdin if changed since last June.
- Má tá aon athrú ó thaobh chúrsaí leighis de, iarrtar ort labhairt linn láithreach
If there are any changes regarding medication, we ask that you speak to us immediately.
- Tá cosc iomlán sa scoil ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu. Bígí an-chúramach le rudaí sna boscaí lóin le bhur dtoil.
Nuts and products containing nuts are completely banned in the school. Please be extremely careful with what goes into lunch boxes
- Má bhí timpiste ag do pháiste i rith an tsamhraidh, fiacla san áireamh, tá seans ann go gclúdófar árachas na scoile é, bí ag caint liom.
If your child had an accident during the summer, dental included, it may be covered by school insurance, come and talk to me.
- Is de bharr cúiseanna maithe nach bhfuil cead cuirí breithlae a thabhairt amach ar scoil. Iarrtar ort **gan** é a dhéanamh
*There are really good reason why we don't allow birthday invitations to be given out at school. You are asked **not** to do so.*
- Is cuma faoin aimsir – Ná páirceáil sa chiorcal – Ná stop san ascaill nó sa bhosca buí – Fág spás os do chomhair do dhaoine atá ag páirceáil – Úsáid spás páirceála amháin – Bain úsáid as an gCúil Mhín/as Páirc na Mílaoise/as an nGaráiste – Bí cúramach – Bí ciallmhar
Regardless of the weather – Do not park in the circle – Do not stop in the avenue or the yellow box – Leave space in front of you for people parking – Use only one parking space – Use the Millenium Park/Coolmine/The Garage – Be careful – Be Sensible

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Aladdin agus Cumarsáid | Aladdin and Communication

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na sonraí teagmhála cearta ar Aladdin agus go bhfuil duine éigin saor i gcónaí chun an guthán a fhreagairt má chuirtear glaoch ort chun páiste a bhailiú.

It is crucial that the correct contact details are on Aladdin and that somebody is always available to answer the phone if you are called to collect your child.

Tuáille Láimhe | Hand Towels

Déan cinnte le do thoil go bhfuil tuáille láimhe ag do pháiste chun na lámha a thriomú tar éis iad a ní. GRMA
Please ensure your child has their own small hand towel to dry their hands after washing them. Thank you.

Earraí Scoile | School Supplies

Chuaigh fógra abhaile ar Aladdin don íocaíocht thábhachtach seo agus is féidir íocaíocht a dhéanamh ar Aladdin. Íoc roimh 16 Meán Fómhair é le do thoil mura bhfuil sé déanta cheana féin. Más gá duit plean íocaíochta a oibriú amach liom, is féidir linn teacht ar réiteach discréideach. Tar i dteagmháil liom faoi rún más gá. Is cuid den Leabharliosta é agus íocann sé as na rudaí seo thíos i measc go leor rudaí eile;

Beidh sé seo le híoc ar Aladdin roimh an 16 Meán Fómhair 2023

Páiste amháin €60 | One Child €60

Beirt pháistí €120 | Two children €120

Triúr Páistí €150 | Three children €150

Ceathrar Páistí €180 | Four children €180

- Árachas 24 Uair - 24-hour Insurance
- Aladdin
- Ábhair Ealaíne - Arts Materials
- Trealamh Spóirt - Sports Equipment
- Imeachtaí Breise - Extra Activities
- Fótachóipeáil - Photocopying

A notification went home on Aladdin for this important payment and payment can be made through Aladdin. Please pay it before 16 September if you haven't already done so. If you need to work out a payment plan with me, we can come to a discreet arrangement. Please contact me confidentially if you need to. It is part of the Booklist and this pays for the above, among other things. This will need to be paid before 16 September 2023

Éide Scoile | School Uniform

Is féidir leis na naíonáin bheaga agus mhóra éadaí spóirt na scoile a chaitheamh gach lá más mian ach caitheadh siad éadaí spóirt a chaitheamh ar an lá corpoideachais thuas. Do na ranganna ó Rang a hAon go Rang a Sé, caitheann siad éadaí scoile gach lá ach amháin ar lá an chorpoideachais nó má tá traenáil nó rud éigin eile ar siúl ag an rang a mbeidh gá le héadaí spóirt dó (Beidh yoga, Rince Gaelach agus oiliúint CLG ag tosú ar ball) . Tá cruth math orthu agus tá fáilte romhaibh teacht agus iad a lorg más mian le héinne.

Junior and Senior Infants may wear their tracksuit everyday if they wish but they must wear tracksuit on their PE day above. For 1st to 6th Class above, they wear their school uniform everyday apart from their PE day or if there is sports training or something else on in the class that day requiring a tracksuit (we will have Yoga, Irish Dancing and GAA coaching on different days once they get up and running). We have lots of pieces of second hand uniform and tracksuits here in the school. They are in good condition and anybody is welcome to come and take a look

Rothair sa scoil | Bikes in school

Táimid an-sásta go bhfuil páistí ag rothaíocht agus ag scútáil ar scoil ach níl cead rothaíocht tríd an gclós. Siúl tríd an gclós le rothair nó le scútair. Iarrtar ar na páistí úsáid a bhaint as glas freisin. Is nós maith é seo dóibh agus cé nach raibh aon fhadhb riamh againn, faraor, ní féidir linn geallúint nach rachaidh rothar ar strae mura bhfuil sé faoi ghlas.

We are delighted to see children cycling and scooting to school but it is not permitted to cycle through the yard. Please walk through the yard with bikes and scooters. We ask also that children lock their bikes. This is a good habit for them and although we have never had a problem, unfortunately we cannot guarantee that an unlocked bike won't go missing.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Taithí Oibre na hIdirbhliana | Transition Year Work Experience

Caitheadh mé cúpla pointe a mhíniú daoibh maidir le glacadh le daltaí idirbhliana sa scoil chun taithí oibre a dhéanamh. I dtús báire, is mór againn é go bhfuil an méid sin páistí ag iarraidh teacht chugainn agus is mór an chabhair iad freisin. Déanaimid ár ndícheall deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile agus faoi shaol an mhúinteora sa chás go bhfuil an dalta féin compordach le dul ag obair le páistí faoi stiúir an mhúinteora.

Faraor, ní féidir linn glacadh le gach éinne ach an oiread agus tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir. Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.

Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;

- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na tréimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

I need to explain a couple of points regarding acceptance of Transition Year Students to do work experience in the school. Firstly, we really appreciate that so many students want to return to us and also, they are a huge help. We endeavour to give them a real taste of the life of the school and the life of a teacher where the student is comfortable with working with the children under the supervision of the Class Teacher.

You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;

- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

Unfortunately, we cannot accept everybody, and it is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity. Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.

Laethanta Corpoideachais | PE days

Seo thíos na laethanta corpoideachais faoi láthair. Mineoidh na múinteoirí ranga daoibh má tá gá le héadaí spóirt ar aon lá eile - seans go mbeidh ranganna ag dul ag rith mar shampla. Táimid ag súil leis go mbeimid in ann cur leis na gníomhaíochtaí fisiciúla a bhíonn ar siúl ag na daltaí. Beidh CLG ar siúl an mhí seo chugainn agus cuirfear ar an eolas sibh faoi na ranganna a bheidh páirteach ann an téarma seo. Táim ag fiosrú freisin faoi Zumba agus Yoga arís freisin. Táimid ag súil le tabhairt faoi cheachtanna snámha do na ranganna ó R1 go R6 sa tríú téarma más féidir leis an linn sa Chúil Mhín freastal orainn ag am oiriúnach.

Below are the PE days as they stand at the moment. The class teachers will explain if the tracksuits are necessary on any other days – classes may be going running for example. We are hoping that we will be able to add to the physical activities that the children undertake. GAA will be starting next month and you will be informed about which classes are taking part this term. I am also investigating Zumba and Yoga. We are hoping to engage in swimming lessons for 1st Class to 6th Class in the 3rd term if the pool in Coolmine can facilitate us at a suitable time..

Naíonáin Bheaga Bhuí	-	An Mháirt		Tuesday
Naíonáin Bheaga Bhuí	-	An Mháirt agus Aoine		Tuesday and Friday
Naíonáin Mhóra	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a hAon	-	An Luan agus An Aoine		Monday and Friday
Rang a Dó	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a Trí Glas	-	An Mháirt		Tuesday
Rang a Trí Buí	-	An Déardaoin		Thursday
Rang a Ceathair	-	An Mháirt		Tuesday
Rang a Cúig	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a Sé	-	An Aoine		Friday

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cumann na mBunscol | Dates for the Diary

Níl an freasúra ná na hionaid againn go fóill ach seo thíos na dátaí molta do chluichí peile Chumann na mBunscol. Cuirfear ar an eolas sibh láithreach má thagann athrú ar na dátaí seo

We don't have oppositions or venues yet but below are the proposed dates for Cumann na mBunscol football games. You will be informed immediately if these dates change.

Buachaillí | Boys

14 Meán Fómhair Sept 14	Castleknock ETNS
21 Meán Fómhair Sept 21	St. Francis of Assisi Belmayne
28 Meán Fómhair Sept 28	Pelletstown ETNS

Páirc | Venue

Beechpark
Somerton
Pelletstown

Cailíní | Girls

13 Meán Fómhair Sept 13	Glasnevin NS
20 Meán Fómhair Sept 20	Our Lady of Victories, Ballymun
27 Meán Fómhair Sept 27	Gaelscoil Cholmchille

Páirc | Venue

Na Fianna
Somerton
Somerton

Rince Gaelach | Irish Dancing

Déan teagmháil le Niamh Gavin ADCRG chun tuilleadh eolais a fháil 085-7443773. Féach ar <https://banbhairishdancing.ie/scoil-oilibheir-irish-dancing-classes/>

Contact Niamh Gavin ADCRG for more information - 085 7443773. Visit <https://banbhairishdancing.ie/scoil-oilibheir-irish-dancing-classes/>

CLASS SCHEDULE	
SEPTEMBER 2023	
AFTER SCHOOL	MON: Rang 1 - Rang 6 2:45 - 3:45 - Scoil Malla
	FRI: Naíonáin Bheaga & Mhóra 3:45 - 2:45 pm - Coolmine S. C.
BEGINNERS FROM 4 YRS	TUES: 5:45 - 6:45 pm Scoil Oilibhéir, Coolmine
	SAT: 3 - 4 pm Luttrellstown Community Centre
TOTS 2-3 YRS	SAT: 10:30 am - Scoil Oilibhéir 2:45 pm - Luttrellstown C.C.

Oícheanta Oscailte na Meánscoileanna | Secondary School Open Nights

Faicfidh sibh na dátaí a tá faighte againn ó na meánscoileanna áitiúla a rinne teagmháil linn. Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheann tuisti/caomhnóirí, i Rang a Sé ach go háirithe, an t-eolas cruinn ó na meánscoileanna atá i gceist acu dá bpáistí féin.

You will see below the dates we have received from the local secondary schools who contacted us. It is very important that parents/guardians, particularly in 6th Class, get the accurate information from whichever secondary schools they have in mind for their children.

Dátaí don Dialann | Dates for the Diary

27-9-23	Oíche Oscailte Choláiste Éamonn Rís Edmund Rice College Open Night	18:30 – 20:30
28-9-23	Oíche Oscailte Choláiste na Tulchann Coláiste na Tulchann Open Night	18:30 – 20:30
16-9-23	Earraí Scoile le híoc School Supplies to be paid	
21-9-23	Oíche Oscailte Choláiste Mhuire Coláiste Mhuire Open Night	19:00 – 20:30
26-9-23	Oíche Oscailte Phobal Scoil Chúil Mhín Coolmine Community School Open Night	19:00
29.9.23	Scoil Dúnta – traenáil foirne leis an CNOS School closed for staff training with NCSE	
15-12-23	Seó Nollag na nÓg: Naíonáin Bheaga – R2 Junior Christmas Show: Junior Infants - 2nd Class	Le socrú TBC

Cumann na dTuismitheoirí

(Parents Association)

Cé Muid? | *Who are we?*

Is grúpa tuismitheoirí sinn a oibríonn as lámh a chéile leis an scoil agus leis an mBord Bainistíochta chun airgead a bhailiú agus a úsáid chun cur le taithí na bpáistí le linn a dtréimhse i Scoil Oilibhéir. Tá sé go hiomlán deonach agus bíonn fáilte roimh dhaoine nua agus roimh chúnaimh i gcónaí.

We are a group of parents who work closely with the school and with the Board of Management throughout the year to fundraise and use this money to enhance the experience of the children during their time in Scoil Oilibhéir. It is entirely voluntary and we are always looking for new members and assistance.

Cad iad na príomhimeachtaí a bhíonn ar siúl againn?

What are the main events?

De ghnáth, bíonn Tráth na gCeist gach bliain agus Aonach gach Nollaig. Bíonn cúpla imeachta beaga freisin, mar shampla, Díolachán Cácaí, Lá Lus na gCrom Chinn agus an Rith Urraithe. Táthar ag súil leis go bhfillimid orthu seo ar na rudaí sin ar fad i mbliana.

Usually we hold an annual Table Quiz and a Christmas Fair in December. There are also a number of smaller events such as Charity Cake Sales, Daffodil Day fundraiser and Sponsored Run throughout the year. It's hoped we will return to all these things this year.

Cá dtéann an t-airgead? | *What is the money spent on?*

Baintear úsáid as an airgead a bhailítear ag na himeachtaí chun íoc as rudaí cosúil leis na rudaí seo a leanas; aoichainteoirí, taisteal go dtí imeachtaí spóirt agus go dtí comórtais chomh maith le rudaí níos praiticiúla ar nós na gcúirtíní don halla. Pléitear agus aontaítear úsáid an airgid seo le húdaráis na scoile sula gcaitear é.

The money raised at the events is used to fund initiatives such as guest speakers for parents, transport for sporting events and competitions as well as more practical items like new curtains for the halla. The use of the money is discussed with the relevant school authorities and agreed upon before being committed.

An bhfuil tú ag iarraidh cabhrú linn? | *Would you like to help us?*

Beidh fáilte roimh dhaoine deonacha atá sásta cabhrú leis na himeachtaí; ag déanamh ciseán, ag díol ticéad nó ag cabhrú le tacaíocht a fháil. Chomh maith leis sin, má tá gnó agat a bheadh sásta tacú le haon cheann dár n-imeachtaí, trí urraíocht nó trí dheonadh duaise, tar i dteagmháil linn.

We will always welcome volunteers to assist with all of the events; be it making hampers, selling raffles tickets or helping to drum up support. Alternatively, if you have a business that would like to support any of our events via sponsorship or donation of a raffle prize please let us know.

Tuilleadh Eolais ag teastáil? | *Want to know more?*

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana ar an Luan seo chugainn, 11 Meán Fómhair, ar 20:00 agus tá fáilte roimh chách. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com

The AGM will be held next Monday, 11 September at 20:00 and is open for all to attend. We have an email address at which we can be contacted: cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com

Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Cuirfimid fáilte roimh Chumann nua Tuismitheoirí (thíos), agus guímid gach rath ar a gcuid oibre agus iad ag tosú amach. Gabhaimid buíochas le Shannon agus leis na daoine a thacaigh léi. Déan teagmháil le cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com chun fáil amach conas páirt a ghlacadh ann.

Cathaoirleach | *Chairperson* : Sarah Scanlon

Leasathaoirleach | *Vice chairperson*: Alyssa Tiernan (Shaw)

Rúnaí | *Secretary*: Rita Bateson

Cisteoir | *Treasurer*: Andrea Rock

We welcome a new Parents' Association (above) and we wish them all the best as they begin their work. Huge thanks to Shannon and those who supported her. Get in contact with cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com to find out how you can get involved.

An Nós Imeachta maidir le Gearán a Dhéanamh

Is fearr go mór do gach éinne go ndéanfaí aon ghearán a réiteach ag an leibhéal neamhfhoirmeálta

Céim 1

- 1.1 Má's mian le tuismitheoir/caomhnóir gearán a dhéanamh ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga lena mbaineann sé ar dtús chun an gearán a réiteach.
- 1.2 Sa chás nach féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir teacht ar réiteach leis an múinteoir ranga, ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an bPríomhoide
- 1.3 Mura mbíonn réiteach ar an ngearán ina dhiaidh sin, ba cheart don tuismitheoir/caomhnóir an gearán a ardú le Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile.

Céim 2

- 2.1 Má tá an gearán fós gan réiteach agus má's mian leis an tuismitheoir/caomhnóir an gearán a thógáil níos faide ba cheart dó/di an gearán a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- 2.2 Ba cheart don Chathaoirleach aird an mhúinteora atá i gceist a dhíriú ar an ngearán scríofa agus gach iarracht a dhéanamh cúrsaí a réiteach idir na páirtithe taobh istigh de 5 lá den ghearán scríofa a bheith faighte.

Céim 3

- 3.1 Mura mbíonn an gearán réitithe ar bhonn neamhfhoirmeálta, ba chóir don Chathaoirleach; faoi réir údarás an Bhoird agus i gcásanna go gceapann an Cathaoirleach go mbeidh údarás ón mbord ag teastáil:
 - a) Cóip den ghearán scríofa a chur ar fáil don mhúinteoir;
 - b) Cruinniú a eagrú leis an múinteoir agus, má's cuí, leis an bPríomhoide chun teacht ar réiteach ar an ngearán. Ba cheart don chruinniú seo tarlú taobh istigh de 10 lá ón ngearán scríofa a bheith faighte.

Céim 4

- 4.1 Mura mbíonn an gearán réitithe ba chóir don Chathaoirleach an cás a thuairisciú don Bhord taobh istigh de 10 lá ón chruinniú in 3.1 (b).
- 4.2 Má fhaigheann an Bord nach bhfuil bunús leis an ngearán, ba cheart é seo seo a chur in iúl don mhúinteoir agus don ghearánaí taobh istigh de 3 lá ón gcruinniú Boird.
- 4.3 Má fhaigheann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán nó go bhfuil gá le breis fiosrúcháin a dhéanamh ar an gcás, leantar na céimeanna seo a leanas:
 - a) Ba chóir a chur in iúl don mhúinteoir go bhfuil an fiosrúchán ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
 - b) Ba chóir aon fhianaise i scríbhinn a thacaíonn leis an ngearán a chur ar fáil don mhúinteoir.
 - c) Ba chóir iarraidh ar an múinteoir ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord mar fhreagra ar an ngearán.
 - d) Ba chóir an deis a thabhairt don mhúinteoir cur i láthair a dhéanamh don Bhord. Beidh sé de cheart ag an múinteoir duine a bheith éineacht leis/leí mar chomhluadar agus mar chabhair ag aon chruinniú.
 - e) Tionólfar an cruinniú den Bhord Bainistíochta a luaitear in (d) taobh istigh de 10 lá ón gcruinniú a luaitear in 3.1(b).

Céim 5

- 5.1 Nuair atá fiosrúchán an Bhoird críochnaithe, ba chóir don Chathaoirleach cinneadh an Bhoird a chur, i scríbhinn, chuig an múinteoir agus chuig an ngearánaí, taobh istigh de 5 lá ón gcruinniú Boird.
- 5.2 Ní bheidh aon dul thar chinneadh an Bhoird.

Complaints Procedure

It is preferable for all concerned that any complaint be resolved at the informal stage

Stage 1

1. *A parent/guardian who wishes to make a complaint should, unless there are local arrangements to the contrary, approach the class teacher with a view to resolving the complaint.*
2. *Where the parent/guardian is unable to resolve the complaint with the class teacher s/he should approach the principal with a view to resolving it.*
3. *If the complaint is still unresolved the parent/guardian should raise the matter with the chairperson of the board of management with a view to resolving it.*

Stage 2

1. *If the complaint is still unresolved and the parent/guardian wishes to pursue the matter further s/he should lodge the complaint in writing with the chairperson of the board of management.*
2. *The chairperson should bring the precise nature of the written complaint to the notice of the teacher and seek to resolve the matter between the parties within five days of receipt of the written complaint.*

Stage 3

1. *If the complaint is not resolved informally, the chairperson should, subject to the general authorisation of the board and except in those cases where the chairperson deems the particular authorisation of the board to be required:*
 - a) *supply the teacher with a copy of the written complaint; and*
 - b) *arrange a meeting with the teacher and, where applicable, the principal teacher with a view to resolving the complaint. Such a meeting should take place within 10 days of receipt of the written complaint.*

Stage 4

1. *If the complaint is still not resolved the chairperson should make a formal report to the board within 10 days of the meeting referred to in 3(b).*
2. *If the board considers that the complaint is not substantiated the teacher and the complainant should be so informed within three days of the board meeting.*
3. *If the board considers that the complaint is substantiated or that it warrants further investigation it proceeds as follows:*
 - a) *the teacher should be informed that the investigation is proceeding to the next stage;*
 - b) *the teacher should be supplied with a copy of any written evidence in support of the complaint;*
 - c) *the teacher should be requested to supply a written statement to the board in response to the complaint;*
 - c) *the teacher should be afforded an opportunity to make a presentation of case to the board. The teacher would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting;*
 - d) *the board may arrange a meeting with the complainant if it considers such to be required. The complainant would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting; and*
 - e) *the meeting of the board of management referred to in (d) and (e) will take place within 10 days of the meeting referred to in 3(b).*

Stage 5

1. *When the board has completed its investigation, the chairperson should convey the decision of the board in writing to the teacher and the complainant within five days of the meeting of the board.*
2. *The decision of the board shall be final.*



Coláiste na Tulchann
Oideachas Iarbhunscoile trí Ghaeilge
Post-Primary Education through Irish



Oíche Oscailte Choláiste na Tulchann do thuistí agus dhaltai
Déardaoin 28.09.2023 @18:30 - 20:30 - Bigí linn!
Coláiste na Tulchann at our Open Night for parents and pupils
Thursday 28.09.2023 @18:30 - 20:30 - Come and visit us!

☒

Soláthraíonn Coláiste na Tulchann, Aonad Lán-Ghaeilge Choláiste Pobail Bhaile Lothail, Iarbhunoideachas trí mheán na Gaeilge i suíomh tumoideachais do dhaltai i mBaile Átha Cliath 15 agus abhantrach na Tulchann. Tá an Coláiste, atá suite i bhfoirgneamh nua-aimseartha 'Mol na Gaeilge' ar champas oideachais LCC, faoi phátrúnacht BOOACDL, a bhfuil sé mar fhís aige a bheith chun tosaigh go gníomhach in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar.



Coláiste na Tulchann, Luttrellstown Community College's Aonad Ián-Ghaeilge, provides Irish-medium post-primary education in an immersion setting to students in Dublin 15 and the surrounding area. The Coláiste, situated in a modern building "Mol na Gaeilge" on LCC's educational campus, is under the patronage of DDLETB, whose vision is to actively lead the provision of high-quality education and training.

EDMUND RICE COLLEGE PHOENIX PARK



OPEN EVENING

We look forward to welcoming you to our Open Evening on Wednesday 27th September 2023.

The Principals address will take place at 7pm and 8pm.

27
SEPTEMBER
2023
6.30PM- 8.30PM

ADMISSIONS INFORMATION

Applications for admission to 1st Year for the 2024-25 academic year will commence on the 2nd October 2023.

- Application forms will be available from the school website.
- Application closing date Monday 23rd October 2023 at 1pm.
- Applications can be returned via email to admissions@ercdublin.ie or by post.



Contact Us

Phone: 01 817 9045

Admin@ercdublin.ie

www.Edmundricecollege.ie



Scoil Phobail Chúil Mhín

Oíche Oscailte

Dé Máirt ,26ú Meán Fómhair, 2023 @ 7i.n.

Tosóidh clarú don chéad bhliain 2024/2025 (Príomhshraith agus rang speisialta ASD) ar an

4ú Deireadh Fómhair 2023 agus críochnóidh sé ar an **14ú Deireadh Fómhair 2023.**

Beidh aon iarratais tar éis an 14ú Deireadh Fómhair ina n-iarratais dhéanacha. Is iarratas déanach é aon iarratas a fhaightear tar éis na dátaí cláraithe oifigiúla.

Tá sonraí iomlána faoi chlárú chomh maith le cóip dár bpolasaí iontrála agus fógra iontrála ar fail ar ár suíomh gréasáin:

www.coolminecs.ie



**Creideamh
Beo**

Coolmine Community School, Clonsilla, Dublin 15

Phone: 01-8214141

Website: www.coolminecs.ie

Email: info@coolminecs.ie